C/2025/4999

11.9.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12049 — SIXTH STREET / F2i / NEW SORGENIA JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/4999)

1. An 2 Meán Fómhair 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Mompach Adjacent Partners S.C.Sp ('Mompach', Lucsamburg), atá faoi rialú deiridh Sixth Street Partners, LLC ('Sixth Street', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— F2i - Fondi Italiani per le Infrastrutture Società di Gestione del Risparmio S.p.A. ('F2i', an Iodáil),

— Sorgenia S.p.A. (an Iodáil), atá faoi rialú comhpháirteach F2i agus Asterion Industrial Partners SGEIC SA ('Asterion', an Spáinn),

— EF Solare Italia S.p.A. ('EF', an Iodáil), faoi rialú aonair F2i,

— Renovalia Tramontana S.L. ('Renovalia', an Spáinn), faoi rialú aonair F2i.

Gheobhaidh Mompach agus F2i rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Sorgenia, EF agus Renovalia ('New Sorgenia').

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta domhanda é Sixth Street,

— Is bainisteoir cistí bonneagair neamhspleách Iodálach é F2i atá dírithe go príomha ar bhonneagar na hIodáile, e.g. iompar agus lóistíocht, aistriú fuinnimh, líonraí dáileacháin, líonraí teileachumarsáide,

— Is cuideachta Iodálach í Sorgenia atá ag gabháil go príomha do ghiniúint leictreachais agus do sholáthar mórdhíola agus miondíola leictreachais agus gáis nádúrtha,

— Is cuideachta Iodálach é EF atá gníomhach i dtionscal an ghrianfhuinnimh san Iodáil agus sa Spáinn,

— Is cuideachta giniúna leictreachais Spáinneach é Renovalia, atá gníomhach sa Spáinn.

3. Is iad gníomhaíochtaí gnó Sorgenia Nua giniúint leictreachais agus soláthar mórdhíola agus miondíola leictreachais agus gáis nádúrtha.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12049 — SIXTH STREET / F2i / NEW SORGENIA JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË